

## RÁITEAS POLASAÍ UM LEANAÍ A CHOSAINT Ó DHEOISE NA GAILLIMHE, CHILL MHC DHUACH & CHILL FHIONNÚRACH

Mar bhall comhpháirte den Eaglais Chaitliceach in Éirinn, aithnímid agus tacaímid le dínit agus cearta gach linbh, táimid tiomanta dá sábháilteacht agus dá bhfolláine a chinntiú, agus oibreoimid i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí/caomhnóirí chun é sin a dhéanamh. Aithnímid gach leanbh mar bhronntanas ó Dhia, agus is mór againn agus cothaímid rannpháirtíocht leanaí i ngach gníomhaíocht a chuireann lena bhforbairt spioradálta, choirp, mhothúcháinach, intleachtúil agus shóisialta.

Tá freagracht ar phearsanra uile na hEaglaise (lena n-áirítear an chléir, reiligiúnaigh, baill foirne agus saorálaithe) leanaí a chosaint trína leas, a sláinte agus a bhforbairt a chur chun cinn i dtimpeallacht shábháilte chomhbhách a thacaíonn lena leas is fearr agus a choisceann mí-úsáid.

Má tá amhras nó imní ort, eolas nó líomhain agat go bhfuil mí-úsáid á déanamh ar leanbh nó go ndearnadh mí-úsáid ar leanbh, déan teagmháil le do thoil lenár dTeagmhálaí Ainmnithe Deoise:

**An tUas. Kevin Duffy**

**Ionad Tréadaí na Deoise, Baile Nua Mhic Gabhann, Gaillimh**

**Fón póca: 087 6141736**

Más mian leat tuairisciú go díreach chuig na húdaráis reachtúla déan teagmháil le ceachtar acu:

- An **Garda Síochána** ag 1800 555 222, tríd an uimhir éigeandála 999 or 112 nó trí do stáisiún na nGardaí áitiúil; nó
- D'Oibrí Sóisialta ar Dualgas ón nGníomhaireacht áitiúil um Leanaí agus an Teaghlaigh Tusla ag:  
Gaillimh/Ros Comáin 091-546235; Maigh Eo 094-9042030; An Clár 061-482792.

Thar ceann an chomhlachta Eaglaise seo, mar chuid den Eaglais Chaitliceach in Éirinn, geallaim go ndéanfaidh mé leanaí a chosaint trí aontú an Beartas um Páistí a Chosaint seo a leanúint. Cloífidh mé leis na seacht gcaighdeán agus na táscairí is infheidhme inár ministreacht agus ár dteagmhálacha go léir le leanaí.

### **An tEaspag Micheál Ó Duibhgeannáin**

*Thar ceann* Dheoise na Gaillimhe & Chill Mhic Dhuach  
& Riarachán Aspalda Chill Fhionnúrach

*Michael G. Duignan*

Bealtaine 2022

